

An Coimisiún Reifrinn

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Scéim Teanga 2021 - 2024

Clár Ábhair

Caibidil 1.....	3
1.1. Réamhrá	3
1.2. Treoirlínte maidir le scéim a ullmhú	3
1.3. Ábhar na Scéime Teanga	3
1.4. Dáta Tosaithe na Scéime	4
1.5. Measúnú ar a Mhéid atá Seirbhísí ar Fáil cheana féin trí Ghaeilge	4
Caibidil 2.....	5
2.1. Cúlra agus Ról an Choimisiúin Reifrinn	5
2.2. Srianata Oibriúcháin.....	5
2.3. Feachtais Faisnéise.....	6
2.4. Comhlachtaí a fhorfhéas	6
Caibidil 3.....	7
3.1. Gealltanais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla	7
Caibidil 4.....	7
4.1. Poibliú na Scéime Comhaontaithe.....	7

Caibidil 1

1.1. Réamhrá

Taisctear an scéim seo thar ceann an Choimisiúin Reifrinn. Ullmhaíodh í faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus tagann sí in ionad na scéime a bhí ann roimhe seo a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2018.

Foráiltear le halt 15 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim ina sonrú na seirbhísí a sholáthróidh siad -

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla, agus
- trí mheán an Bhéarla,

agus na bearta a nglacfar leo chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht poiblí trí Ghaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh d'fhráma ama comhaontaithe.

1.2. Treoirínte maidir le scéim a ullmhú

Dréachtaíodh an scéim seo de réir Threoirínte faoi Alt 12 den Acht a d'ullmhaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán.

Shocraigh an Rúnaíocht go bhfoilseofaí fógraí faoi alt 13 den Acht lena dtugtar cuireadh do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh maidir le hullmhú na dréachta scéime agus tugadh cuireadh don fhoireann trácht a dhéanamh freisin. Fuarthas dhá fhreagra.

Tá ábhar na scéime bunaithe ar thaithí an Choimisiúin ar an scéim roimhe seo, chomh maith le tuairimí agus moltaí a chuir foireann na Rúnaíochta ar aghaidh.

1.3. Ábhar na Scéime Teanga

Tá sé mar aidhm ag an scéim seo seachadadh an Choimisiúin ar sheirbhísí i nGaeilge a chomhdhlúthú agus tógáil air. Tá sé mar aidhm againn seirbhís ardchaighdeán, inrochtana agus éifeachtúil a sholáthar dár gcustaiméirí. Tugtar faoi sholáthar ár seirbhísí i nGaeilge mar thaca leis an gcuspóir sin.

Leanfaidh an Rúnaíocht de chóras a chur i bhfeidhm chun leibhéal na bhfiosruithe, na ngearán agus na n-iarratas a thomhas chun a chinntiú go gcomhlíonann na seirbhísí a

sholáthraítear faoin Scéim éileamh na gcustaiméirí go hiomlán, ar bhealach pleanáilte agus inrochtana.

1.4. Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus na Meán. Cuirfear tús leis le héifeacht ó **19 Márta 2021** agus fanfaidh sé i bhfeidhm go ceann thréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

1.5. Measúnú ar a Mhéid atá Seirbhísí ar Fáil cheana féin trí Ghaeilge

Is é príomhchuspóir an Achta infhaighteacht níos fearr agus caighdeán níos airde de sheirbhísí poiblí a chinntiú trí Ghaeilge. Déantar é seo trí cheanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i bhfeidhm.

Chomhlíon an Coimisiún a chuid oibleagáidí go léir faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus chomhlíon sé a ghealltanais go léir a bhí i scéimeanna roimhe seo. Le linn thréimhse oibríochta na scéime roimhe seo déileáladh i nGaeilge le gach glao teileafóin agus mír chomhfhreagrais ghinearálta a fuarthas i nGaeilge. Foilsíodh foilseacháin uile an Choimisiúin go dátheangach san aon doiciméad amháin.

Is é cuspóir na Ceathrú Scéime seo leanúint de sheachadadh na ngealltanais seo agus leibhéal na seirbhíse a fheabhsú thar thréimhse na Scéime (2021-2024). Maidir leis seo, tá an Coimisiún tiomanta leanúint dá chinntiú go bhfoilseofar gach foilseachán go dátheangach le linn shaolré na scéime seo. Áirítear leis seo ach níl sé teoranta dóibh:

- leabhráin faisnéise an Choimisiúin ina mínítear an tsaincheist/na saincheisteanna i ngach reifreann a reáchtáiltear thar thréimhse na Scéime seo
- tuarascáil an Choimisiúin ag deireadh gach feachtais reifrinn
- gach doiciméad ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Sa bhreis air seo:

- Tá an suíomh gréasáin go hiomlán dátheangach.
- Tabharfar freagra i nGaeilge ar gach cumarsáid i nGaeilge de réir alt 9(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Caibidil 2

2.1. Cúlra agus Ról an Choimisiúin Reifrinn

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún Reifrinn a bunaíodh leis an Acht Reifrinn 1998 arna leasú leis an Acht Reifrinn 2001. Foráiltear le hAcht 1998 go mbeidh Cathaoirleach an Choimisiúin ina iar-bhreitheamh den Chúirt Uachtarach, den Chúirt Achomhairc nó den Ard-Chúirt nó ina bhreitheamh den Ard-Chúirt. Is iad Cléireach Dáil Éireann, Cléireach Seanad Éireann, an tOmbudsman agus an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na comhaltaí eile. Tá an Coimisiún neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna agus tacaíonn rúnaíocht ó Oifig an Ombudsman leis. Níl aon fhoireann lánaimseartha ag an gCoimisiún. Aon uair a reáchtáiltear reifreann, is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a mbeidh lánrogha aige Coimisiún Reifrinn a bhunú. Cruthaítear Coimisiún trí Ordú Bunaíochta arna eisiúint ag an Aire i leith an reifrinn atá beartaithe. Chomh luath agus a chomhlánaíonn Coimisiún a fheidhmeanna soláthraíonn sé tuarascáil don Aire, laistigh de shé mhí ó lá na vótála, ar chomhlíonadh a fheidhmeanna agus díscailtear an Coimisiún mí amháin tar éis an tuarascáil seo a chur isteach.

Is é príomhról an Choimisiúin ábhar na dtograí reifrinn a mhíniú, feacht an phobail ar an reifreann a chur chun cinn agus na toghthóirí a spreagadh chun vóta a chaitheamh.

2.2. Srianata Oibriúcháin

Ní mór do gach Coimisiún, uair agus a bheidh sé bunaithe, oibriú laistigh den bhuiséad a leithdháiltear air don fheachtas atá i gceist. Leithdháileann an Roinn atá ag déanamh urraíochta ar an reifreann an buiséad ar an gCoimisiún. Ar chríochnú a fheachtais faisnéise, tugtar aon chistí atá fágtha ar ais don Roinn urraíochta. Is faoi rogha an Choimisiúin é caiteachas le linn feachtais, ag féachaint dá fheidhmeanna reachtúla.

Faoin Acht 1998 ní fhéadfaidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an tOrdú Bunaíochta a eisiúint go dtí tar éis an dáta a tionscnaíodh i nDáil Éireann an Bille ina bhfuil na tograí leasaithe bunreachtúla. Ní ceist don Choimisiún Reifrinn é an dáta le haghaidh reifrinn a shocrú.

2.3. Feachtais Faisnéise

Is faoi rogha an Choimisiúin Reifrinn atá i gceist méid agus cineál aon fheachtais faisnéise ar leith agus braitheann sé ar an mbuiséad atá ar fáil, ar an am atá ar fáil agus ar chastacht mholtaí an reifrinn. I ngnáththosca, i gceist san fheachtas faisnéise agus san fheachtas chun na toghthóirí a spreagadh chun vóta a chaitheamh sa reifreann, bheadh:

- ábhar faisnéise a sheachadadh ar fud na tíre chuig na toghthóirí;
- feachtas raidió agus teilifíse;
- feachtas preasa;
- faisnéis a sholáthar ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin agus tríd na meáin shóisialta.

Maidir le feachtais raidió agus teilifíse tugtar am saor in aisce don Choimisiún dá chraoltaí reifrinn agus mar fhorlíonadh bíonn sliotáin fógraíochta ceannaithe.

2.4. Comhlachtaí a fhortheas

Chomh maith le faisnéis a sholáthar do na toghthóirí, caithfidh an Coimisiún an próiseas um Chomhlachtaí a Fhortheas a chur i gcrích agus tar éis gach feachtais ní mór don Choimisiún tuarascáil a sholáthar don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a chomhlíonadh a chuid fheidhmeanna.

Le hAlt 7 den Acht Reifrinn 1998, foráiltear do chomhlacht iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún Reifrinn chun dearbhú a lorg gur comhlacht ceadaithe é chun críocha reifrinn. Tá comhlachtaí ceadaithe i dteideal gníomhairí a cheapadh chun freastal ar eisiúint agus oscailt páipéar ballóide a fuarthas ó vótálaithe sa phost, ag stáisiúin vótála agus ag comhaireamh na vótaí. Faoin Acht tá oibleagáid ar an gCoimisiún fógra a chur in dhá nuachtán náisiúnta ina lorgaítear iarratais ó chomhlachtaí atá ag iarraidh a bheith ina gcomhlachtaí faofa chun críocha an reifrinn atá i gceist. Ní mór d'iarratasóirí roinnt critéar a chomhlíonadh chun a bheith incháilithe lena gceadú. Tá na fógraí seo teicniúil ó thaobh nádúir de agus tá siad dírithe ar pháirtithe polaitiúla agus ar ghrúpaí feachtais agus níl aon ábhar faisnéise míniúcháin iontu maidir le moltaí an reifrinn.

Caibidil 3

3.1. Gealltanais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

Maidir le feachtais faisnéise sa todhchaí tabharfaidh gach Coimisiún Reifrinn, nuair a bhunófar é, faoin méid seo a leanas -

- foilseofar ábhar faisnéise a sheachadtar ar fud na tíre chuig na toghthóirí i ngach ceann de na teangacha oifigiúla ag an am céanna
- foilseofar gach faisnéis a fhoilseofar ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin i ngach ceann de na teangacha oifigiúla
- cuirfear craoltaí an Choimisiúin Reifrinn ar an raidió agus ar an teilifís ar fáil i ngach ceann de na teangacha oifigiúla
- foilseofar tuarascáil an Choimisiúin Reifrinn don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i ngach ceann de na teangacha oifigiúla ag an am céanna
- beidh urlabhraí don Choimisiún ar fáil do na meáin chun seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar, má thugtar réamhfhógra
- leanfar leis an suíomh gréasáin a chur ar fáil go hiomlán sa dá theanga.

Beidh na gealltanais sin maidir le caighdeáin seirbhíse do chustaiméirí arna nglacadh ag an gCoimisiún Reifrinn i leith seirbhísí a sholáthar dár gcustaiméirí, infheidhme maidir leis na seirbhísí sin, cibé acu i nGaeilge nó i mBéarla a sheachadtar iad.

Caibidil 4

4.1. Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Foilseofar an scéim seo ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Cuireadh cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.